# Vacsaín MMR

Eolas do thuismitheoirí páistí atá 6 mhí d’aois agus níos sine agus do dhaoine fásta

**Céard é ainm na vacsaíne MMR?**
Is é Priorix nó MMRVaxPro ainm na vacsaíne MMR.

**Cad iad na galair a dtugann an vacsaín MMR cosaint orthu?**
Cosnaíonn an vacsaín MMR tú féin nó do pháiste ar an mbruitíneach, an leicneach agus an mbruitíneach dhearg (ar a dtugtar an bhruitíneach Ghearmánach freisin).

Is galair víreasacha iad an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg agus tá siad fíorthógálach. Scaiptear iad nuair a thógtar an víreas ó dhuine ar a bhfuil an galar go dtí duine nach bhfuil aon chosaint aige air.

| **Galar** | **Siomptóim Coitianta** | **Aimhréidheanna féideartha** |
|---|---|---|
| An bhruitíneach | Fiabhras<br>Gríos<br>Súile dearga pianmhara | Einceifilíteas (inchinn ata)<br>Niúmóine<br>Broincíteas<br>Ionfhabhtuithe cluaise |
| An Leicneach | Faireoga pianmhara ata faoin ngiall chomh maith le fiabhras | Meiningíteas<br>Bodhaire<br>Magairlí ata pianmhara ar fhir fhásta |
| An Bruitíneach Dhearg (Rubella) | Fiabhras agus gríos | Má thagann an bhruitíneach dhearg ar bhean atá ag iompar clainne, d’fhéadfadh máchail bhreithe thromchúiseach teacht ar a páiste, amhail daille, lot inchinne, bodhaire, fadhbanna croí agus aimhréidheanna tromchúiseacha eile |

**Cathain a thugtar an vacsaín MMR de ghnáth?**
In Éirinn, tugtar a gcéad vacsaín MMR do pháistí ag 12 mhí d’aois. Faigheann páistí an dara dáileog nuair a bhíonn siad 4-5 bliana d’aois, sa bhunscoil de ghnáth. Tugann dhá dháileog den vacsaín MMR an chosaint is fearr.

Mura bhfuair do pháiste an vacsaín MMR roimhe seo, ba cheart dó dáileog a fháil chomh luath agus is féidir agus an dara dáileog 1 mhí tar éis na chéad dáileoige.

Ba cheart do dhaoine fásta nach bhfuair an vacsaín MMR roimhe seo dáileog a fháil chomh luath agus is féidir agus an dara dáileog mí amháin ina dhiaidh sin.

**Dlúth-theagmháil le cásanna den bhruitíneach**
Is galar an-tógálach an bhruitíneach. Mura bhfuair tú an vacsaín nó mura raibh ionfhabhtú bruitíneach agat san am a chuaigh thart, tá gach seans ann go dtiocfaidh ionfhabhtú ort má bhíonn tú i dteagmháil le cás. Má bhí tú i ndlúth-theagmháil le cás den bhruitíneach b’fhéidir go molfaidh dochtúirí sláinte poiblí duit vacsaín MMR a fháil. Ba cheart go gcabhródh sé seo leis an seans go dtiocfaidh an bhruitíneach ort a laghdú.

**An féidir le páistí atá níos óige ná 12 mhí an vacsaín MMR a fháil?**
Má bhíonn ráig den bhruitíneach ann, d’fhéadfaí vacsaín MMR a mholadh do do pháiste ó 6 mhí d’aois chun é a chosaint ar an mbruitíneach. Má fhaigheann do pháiste vacsaín MMR agus é níos

óige ná 12 mhí d'aois, beidh air dáileog den vacsaín a fháil fós ag 12 mhí d'aois. Déantar é seo chun an chosaint is fearr a thabhairt do do pháiste. Ba cheart go mbeadh dáileog eile ag do pháiste ag 4-5 bliana d'aois.

**De ghnáth tugtar an vacsaín MMR ag 12 mhí d'aois mar go n-oibríonn an vacsaín is fearr san aois seo.**

**Mná atá ag pleanáil toirchis**

Má tá sé beartaithe agat éirí torrach moltar duit dáileog amháin den vacsaín MMR a fháil roimh an toircheas, mura bhfuair tú an vacsaín riamh roimhe seo. Cosnóidh sé seo tú ar ionfhabhtú de bhruitíneach dhearg le linn an toirchis, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le fadhbanna tromchúiseacha leighis do do leanbh má thagann ionfhabhtú ort.

**An bhfuil aon duine ann nár cheart an vacsaín MMR a fháil?**

Is beag duine nár cheart dó vacsaín MMR a fháil. Níor cheart do dhuine an vacsaín a fháil:

- má bhí frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach (anaifiolacsas) aige ar vacsaín MMR roimhe seo, nó aon chuid den vacsaín
- má bhí frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach (anaifiolacsas) aige ar neoimícin nó geilitín atá sa vacsaín MMR.
- níor cheart do leanaí faoi 12 mhí an vacsaín MMR a fháil má bhí leigheas ar a dtugtar *Children infliximab* á ghlacadh ag a mháthair le linn an toirchis.
- níor cheart do leanaí atá á gcothú ar an gcíoch ag máithreacha a thógann infliximab an vacsaín MMR a fháil.

Má tá tú torrach, níor cheart duit an vacsaín MMR a fháil. Níor cheart duit éirí torrach ar feadh míosa tar éis duit an vacsaín a fháil. Is féidir leat beathú cíche a thabhairt do do leanbh go sábháilte tar éis duit an vacsaín MMR a fháil

**Cuir an vacsaín MMR siar má:**

- tá tinneas agus fiabhras air/uirthi
- tá dáileog ard cógas ar a dtugtar cortacaistéaróidigh á tógáil ag an duine atá ag fáil an vacsaínithe
- tá cóireáil amhail ceimiteiripe nó radaiteiripe á cur air/uirthi
- tá aon tinneas nó galar air/uirthi a mbeadh tionchar aige sin ar a c(h)óras imdhíonachta.

Is féidir le do dhochtúir nó altra comhairle a thabhairt duit más gá duit an vacsaíniú a chur siar

**An bhfuil nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas?**

Níl. Tá léirithe ag taighde nach bhfuil nasc ar bith idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

**An bhfuil fo-iarmhairtí ar bith ag baint leis an vacsaín MMR?**

Ní bhíonn fadhb ar bith ag formhór na ndaoine tar éis na vacsaíne seo.

Bíonn an áit inar tugadh an t-instealladh tinn, ata agus dearg uaireanta.
Seans go dtiocfadh "bruitíneach bheag" ar pháistí áirithe agus gríos/fiabhras orthu 6 go 10 lá ina dhiaidh sin.
Seans go dtiocfadh "leicneach bheag" ar pháistí agus a ngiall ata sa tríú seachtain tar éis an vacsaínithe.
Níl siad seo tógálach agus imeoidh siad tar éis cúpla lá.
Is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt do do pháiste chun pianta a mhaolú nó chun fiabhras a laghdú.

**Tuilleadh Eolais**

Má tá aon cheist agat, déan iad a phlé le do vacsaíneoir nó le dochtúir nó altra.

Féach www.immunisation.ie chun tuilleadh eolais a léamh faoi vacsaíní. Féach www.hpsc.ie le haghaidh faisnéise faoi na galair thógálacha seo.

Is féidir leat naisc a fháil freisin leis na bileoga faisnéise othar le haghaidh na vacsaíní faoi www.hpra.ie. Cuardaigh Priorix nó MMRVaxPro (MMR) chun an bhileog faisnéise ábhartha d'othair a léamh.

Arna táirgeadh ag: An Oifig Náisiúnta Imdhíonta, FSS
Dáta foilsithe: Bealtaine 2022